# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023 a Cheiliúradh sa Pharóiste

### Scoileanna Caitliceacha: Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023 ar an Domhnach, 22 Eanáir, an Tríú Domhnach Saor, agus is é an téama ná: 'Scoileanna Caitliceacha: Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile.' Baineann tábhacht nach beag leis an téama faoi shiúl lena chéile i mbliana. Tá próiseas na sionadachta ar siúl san Eaglais faoi láthair. Tá an téarma, a chiallaíonn 'ar an aistear lena chéile' in úsáid ó thús na hEaglaise. Cruinníonn na pobail Chaitliceacha ar fad lena chéile le héisteacht leis an méid a lorgaíonn an Spiorad Naomh ón Eaglais. Sa chomhthéacs sin bímis ag smaoineamh ar an mbealach ina bhféadfadh an paróiste tacú leis na scoileanna Caitliceacha atá ar an aistear céanna leo, agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh ar bhealach cuí i mbliana. Bíonn slí ar leith ag gach paróiste le tacú agus le comhoibriú leis an scoil Chaitliceach áitiúil. Tá moltaí thíos, le cabhrú libh a leithéid a dhéanamh.

### An Eocairist á Ceiliúradh ar an Tríú Domhnach Saor

Cabhróidh grúpa liotúirgeach an pharóiste le hullmhú an Aifrinn seo. Déan gach iarracht le go mbeadh páirt ag Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i saol na hEaglaise in aghaidh na bliana más féidir. Tosaíonn sí ar an gceathrú Domhnach de mhí Eanáir agus beidh deis ar leith ag an bparóiste ceiliúradh a dhéanamh ar an ionchur saibhir a dhéanann na scoileanna Caitliceacha i saol phobal an pharóiste.

### Cruinniú Pleanála

D'fhéadfaí cruinniú a reáchtáil le príomhoidí, agus le múinteoirí na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna i rith na seachtaine roimh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. D'fhéadfaí moltaí a lorg maidir le ceiliúradh obair na scoileanna Caitliceacha indibhidiúla sa pharóiste, mar phobail an chreidimh agus an teacht aniar, i rith liotúirge 22 Eanáir. Mura mbíonn iar-bhunscoil Chaitliceach agaibh, an bhféadfaí daltaí a chónaíonn sa pharóiste agus atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna ón taobh amuigh a spreagadh le bheith páirteach sa liotúirge? Bíodh ball de ghrúpa liotúirgeach an pharóiste i láthair ag an gcruinniú seo.

## An tAifreann

### Fáiltiú agus Míniú

Abair cúpla focal mar gheall ar théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023 – 'Scoileanna Caitliceacha: Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile'. Tá míniú le fáil ar líne ag: www.catholicschools.ie. Ba mhaith an rud é paidir bhuíochais ar son Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a rá i rith an Aifrinn, mar shampla:



A Dhia Grámhar,

Cruinnímid le chéile inniu mar phobal an pharóiste, agus gabhaimid buíochas as obair na scoileanna Caitliceacha. Cabhraigh le muintir na scoileanna sa mhisean a chuirtear rompu na daltaí a oiliúint agus a mhúnlú ionas go mbeidh ar a gcumas na hábaltachtaí agus na tallanna a bhaineann leo a úsáid le feabhas a chur ar an domhan timpeall orainn.

Foghlaimímis conas is féidir siúl go muiníneach grámhar lena chéile agus éisteacht leis an Spiorad, ionas go mbeimid mar inspioráid don Eaglais go dtí go bhfillfimid ortsa ag deireadh an aistir.

Cuirimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna. Amen.

## Mórshiúl Tosaigh

Ba mhaith an rud é mórshiúl tosaigh a bheith ann ar an Domhnach seo ina gcuirfí siombailí ar taispeáint a léiríonn féiniúlacht ar leith na scoileanna Caitliceacha sa pharóiste. Más rud é go mbaineann scoil le naomh nó le hord rialta ar leith, d'fhéadfaí é sin a lua sa mhórshiúl. Más rud é go mbíonn taispeántas seasta ann faoi Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, bheadh sé áisiúil na siombailí a bhaineann leis, a bheith istigh sa mhórshiúl freisin.

## Ceol

Bíodh baint ag daltaí scoile/oidí leis an gceol a sholáthar i rith an liotúirge. D'fhéadfadh grúpa daltaí an Salm a chanadh, agus Gairm an tSoiscéil chomh maith.



### Liotúirge an Bhriathair

Is féidir na léachtaí, guí an phobail, agus gach a mbaineann leis an Tríú Domhnach Saor a fháil as Gaeilge in eagrán Nollaig/Eanáir *Intercom*. Tá nótaí aithisc don Domhnach seo ar fáil in eagrán Eanáir de *The Furrow*.

Toisc gur ceiliúradh Eocairisteach an Domhnaigh sa pharóiste atá anseo, bíodh na gnáthléitheoirí ainmnithe ann leis na léachtaí a léamh. Tugtar le fios do chách dá bharr, gur deis atá in Eocairist an Domhnaigh leis an uile dhuine againn a chothú ionas go bhféadfaimis dul ar ais isteach i gcomhluadar na scoile agus an bhaile, leis an Soiscéal a chraobhscaoileadh. Bíodh Guí an Phobail amháin ann ag tagairt do na scoileanna Caitliceacha agus don obair a dhéanann siad. Tabhair cuireadh do dhaoine óga an ghuí a chumadh agus a léamh ag an Aifreann. Déan tagairt ann chomh maith don tsionadacht atá ar siúl faoi láthair san Eaglais.

### Ullmhú na hAltóra agus Ofráil na mBronntanas

Tabhair cuireadh d'ionadaithe ón scoil, ón mbaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus na bronntanais den arán agus den fhíon a thabhairt aníos. Cuireann a leithéid i gcuimhne dúinn ar bhealach sofheicthe go gcaithfidh na trí ghrúpaí seo a bheith ag comhoibriú lena chéile toisc gur den Eaglais chéanna sinn, ionas go mbeimid mar fhinnéithe ar luachanna an tSoiscéil os comhair chách.

### Fáiltiú

Ba mhaith an rud é fáiltiú a eagrú i ndiaidh an Aifrinn. D'fhéadfadh cumann na dtuismitheoirí, comhairle an pharóiste agus eagrais áitiúla eile a leithéid a eagrú i gcomhar lena chéile.

## Urnaí na Céadaoin ar son na Seantuismitheoirí

Toisc go gcónaímid sa domhan iar-Covid-19, beidh ar chumas phobal an pharóiste féin a rá, an bhféadfaí Aifreann Lá na Seantuismitheoirí a reáchtáil ar Chéadaoin Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, nó nach bhféadfaí. Ba mhaith an rud é daoine a spreagadh lena leithéid a chur ar fáil. Is minic gur buaicphointe na seachtaine é, ina ndéantar ionchur iontach na seantuismitheoirí i saol creidimh na hóige a cheiliúradh. Chruthaigh an Pápa Proinsias an ghuí seo ar son na seantuismitheoirí:

> A Sheantuismitheoirí Ionúine,
> Go mbeidh sibh i gcónaí i bhfochair an Tiarna Íosa Críost.
> Gabhaimid buíochas libh as an méid a rinne sibh in bhur saol,
> agus as an ionchur leanúnach a bhíonn agaibh i saol na
> muintire agus i saol an phobail.
> Toisc go mbíonn sibh i bhfochair Dé guímid go
> mbronnfar an neart is an tsláinte oraibh leanúint go fóill ar aistear na beatha.
> Go mbainfidh sibh taitneamh as an saol, as bhur gcuid oibre, as bhur gcuid urnaí.
> Go mbeidh cuimhní suáilceacha i gcónaí agaibh agus
> go mbainfidh sibh mianta bhur gcroí amach.
> Athaontófar lena chéile muid i ríocht Dé amach anseo, trí Chríost ár dTiarna. Amen.

# Nuachtlitir an Pharóiste

Is féidir imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a chur os comhair chách trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Ba cheart go mbeadh cur síos ar na himeachtaí poiblí a reáchtálfar sa pharóiste.
Tá sampla anseo a bheadh oiriúnach don nuachtlitir:

> Cuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023 ar an Domhnach 22 Eanáir. Beidh ceiliúradh á dhéanamh i rith na seachtaine seo ar an ionchur uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha i saol an phobail áitiúil. Is é téama na bliana seo ná 'Scoileanna Caitliceacha: Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile'. Beidh an paróiste seo ag glacadh páirte trí ……..

D'fhéadfadh na daltaí scoile an nuachtlitir a scaipeadh ag an Aifreann.

# Ionad Taispeántais

D'fhéadfaí comhoibriú leis na scoileanna ionas go bhféadfaí taispeántas a chur in airde a thabharfadh léargas ar obair agus ar uathúlacht na scoileanna éagsúla atá sa pharóiste.

# An Chomhairle Thréadach

Pléigh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha leis an gcomhairle thréadach le fáil amach conas mar a d'fhéadfaí í a cheiliúradh sa pharóiste i mbliana. Tá sliocht maidir le tógáil na scoile Caitlicí mar phobal, ar fáil i Share the Good News: National Directory for Catechesis agus chabhródh sé le plé a dhéanamh maidir le ról na scoileanna Caitliceacha agus ar an tslí éifeachtach ina bhféadfadh pobal an chreidimh tacú leo ar bhealach feabhsaithe.

B'inmholta an rud é go dtabharfadh séiplíneach na scoile cuairt ar an méid ranganna agus is féidir i rith na seachtaine. Tá acmhainní Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar fáil agus téama in aghaidh an lae iontu a thabharfadh fócas don chuairt.

